Antoine Ó Finneadha

# Teicneolaíocht Adhmaid

Is caibidil í seo sa leabhar ***Teicneolaíocht Adhmaid*** a fhoilseofar go luath.

© Foras na Gaeilge, 2026

Téacs © Antoine Ó Finneadha
Léaráidí © Antoine Ó Finneadha
Teimpléad deartha: Susan Meaney
Íomhánna eile: Shutterstock, Maxwell Photography

Gabhaimid buíochas leis an gCoiste Téarmaíochta as leaganacha údarásacha a sholáthar dúinn de roinnt téarmaí teicniúla.

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

An Gúm, Foras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1

An Gúm

# Dearadh



Sa rang teicneolaíocht ábhar adhmad bíonn neart deiseanna agat saotharphíosaí a dhearadh. I mBliain 3, tabharfar achoimre dearaidh, nó treoir le haghaidh dearaidh, duit i gcomhair scrúdú an Teastais Shóisearaigh. Beidh ort rogha a dhéanamh idir trí shaotharphíosa agus ceann amháin a dhearadh chun do chuid scileanna deartha a chruthú. Sa chaibidil seo, foghlaimeoidh tú teicnící agus scileanna a chuideoidh leat dearadh maith a dhéanamh.



5.1 **Scairdeitleán**



5.2 **Rothar**

Sa dá fhíor thuas tá samplaí de dhearadh éifeachtach i saol an lae inniu. Tá imill chuara agus cruth aeraidinimiciúil ar an scairdeitleán (Fíor 5.1) sa chaoi go n-imeoidh sé tríd an aer go tapa. Maidir leis an rothar (Fíor 5.2), dearadh an fráma sa chaoi go mbeadh sé an-éadrom. Tá fráma an rothair díreach an fad ceart do chosa an rothaí freisin. Cuireann an dá ghné sin le luas an rothaí agus é ag gluaiseacht.

## Treoracha Deartha

Ní mór na gnéithe seo a leanas a chur san áireamh agus aon saotharphíosa á dhearadh agat.

### 1. Oiriúnacht don fheidhm

Tá sé tábhachtach an treoir a thugtar duit a leanúint sa chaoi go mbeidh an saotharphíosa oiriúnach don fheidhm atá aige. Más trófaí atá le dearadh agat, mar shampla, déan cinnte de go mbeidh sé éadrom, ealaíonta agus beag go leor le hiompar.




5.3 **Trófaí**




### 2. Cruth

Is gá cruth an tsaotharphíosa a chur san áireamh mar go mbíonn cruthanna áirithe níos oiriúnaí d'fheidhmeanna áirithe ná a chéile. Bíonn cruth dronuilleach ar sheilf leabhar de ghnáth, mar go mbíonn cruth dronuilleach ar leabhair. Bíonn cruth sorcóireach ar channa nó ar bhuidéal sa tslí go suífidh sí go deas i do ghlac (Fíor 5.4). Is fiú cuimhneamh freisin go mbeidh sé níos éasca ort cruth simplí a dhéanamh. Má bhíonn go leor cuar ann, mar shampla, b'fhéidir go mbeadh níos mó ama nó uirlisí ar leith ag teastáil uait.




5.4 **Canna agus buidéil Coca-cola**



5.5 **Saotharphíosaí éagsúla**

### 3. Stíl Deartha

Bíonn a stíl féin ag gach duine agus é i mbun deartha. Lean na treoracha a thugann an múinteoir duit, ach déan iarracht freisin do chló féin a chur ar an saotharphíosa. Má iarrtar ort cupán a dhearadh, mar shampla, beidh neart saoirse agat maidir leis an dearadh. B'fhéidir go mbeadh sé caol agus ard nó leathan agus íseal; b'fhéidir go mbeadh cruth cearnógach air; b'fhéidir go mbeadh cluas amháin air, nó dhá chluas, nó nach mbeadh cluas ar bith air. Is féidir é a mhaisiú, nó a dhathú, nó é a dhéanamh i gcruth ainmhí. Níor chóir go gcuirfeadh an stíl isteach ar an bhfeidhm, áfach, is é sin le rá gur féidir ól as.

### 4. Ábhar

Féach na hábhair éagsúla i bhFíor 5.6. Agus na hábhair á roghnú agat le haghaidh saotharphíosa, ní mór smaoineamh ar na rudaí seo a leanas:

- An bhfuil an t-ábhar oiriúnach don fheidhm?
- An bhfuil na hábhair agus an trealamh ceart ar fáil? An bhfuil buiséad agat chun iad a cheannach?

- An bhfuil an meáchan ceart agus an toirt cheart san ábhar, gan é a bheith ró-éadrom, róthrom, róbheag ná rómhór?
- An seasfaidh an t-ábhar an úsáid a bhainfear as an saotharphíosa?
- An féidir an t-ábhar a athúsáid nó a athchúrsáil?

### 5. Bailchríoch

Cuirtear bailchríoch ar adhmad chun é a mhaisiú agus chun é a chosaint ar thaise, ar scríoba, ar an teas, ar fheithidí agus ar fhungais. Agus bailchríoch á roghnú agat, ní mór cuimhneamh ar an úsáid a bhainfear as an adhmad agus ar an láthair úsáide. Cuireann an bhailchríoch cuma tharraingteach ar an adhmad agus is fiú am a chaitheamh chun an bhailchríoch cheart a roghnú. Ní mór feidhm an tsaotharphíosa a chur san áireamh freisin. Más bréagán atá á dhéanamh agat, mar shampla, ní mór cinntiú nach bhfuil aon substaint thocsaineach sa bhailchríoch.



5.6 **Ábhair éagsúla**



5.7 **Bailchríoch á cur ar bhord adhmaid**

## Antrapaiméadracht


Is é atá san **antrapaiméadracht** ná staidéar ar na toisí agus ar an gcomhréir i gcorp an duine. Úsáidtear an antrapaiméadracht go minic chun toisí a chur le dearadh. Féach Fíor 5.8. Cuireadh cúrsaí antrapaiméadrachta san áireamh lena chinntiú nach mbeadh aon lasc i gcró an phíolóta rófhada ón bpíolóta.



5.8 **Cró an phíolóta**








5.9 **Dearadh eirgeanamaíoch**

## Eirgeanamaíocht

Is é atá i gceist leis an **eirgeanamaíocht** ná rud a dhearadh ionas go mbeidh sé compordach agus sábháilte le húsáid. Tá an-bhaint ag an eirgeanamaíocht leis an antrapaiméadracht, mar ní mór duit na gnáth-thoisí i gcorp an duine a chur san áireamh san eirgeanamaíocht. I gcás boird nó cathaoireach, mar shampla, is minic a úsáidtear meán-airde an duine chun na toisí a roghnú. Ar an gcaoi sin, beidh idir dhaoine fásta agus pháistí in ann an bord nó an chathaoir a úsáid. Déantar cinn ar leith atá in oiriúint do pháistí amháin, chomh maith. Feicfidh tú i bhFíor 5.9 sampla inar cuireadh meán-airde an duine san áireamh. Cuimhnigh gur gá cúrsaí úsáide a chur san áireamh mar chuid den eirgeanamaíocht. Mar shampla, ní hionann an tslí a suíonn duine i gcathaoir oifige, i gcathaoir phroinne agus i gcathaoir shuaimhnis, agus dá bhrí sin, ní hionann an dearadh dóibh.

### Cleachtadh

1. Luaigh na cúig ghné is gá a chur san áireamh in aon dearadh.
2. Tabhair cuntas gairid ar na téarmaí seo a leanas:
   - **a)** Oiriúnacht don fheidhm
   - **b)** Stíl deartha
   - **c)** Bailchríoch
   - **d)** Eirgeanamaíocht

1. Sa léaráid ar dheis tá vása, grianghraf i bhfráma, seanleabhair, seanraidió, agus roinnt ornáidí. Dear aonad oiriúnach adhmaid chun iad a chur ar taispeáint. Ba chóir go seasfadh an t-aonad as féin ar an urlár. Déan sceitsí néata saorláimhe agus glac nótaí de do chuid oibre.



2. Sa léaráid ar dheis tá uirlisí scoile a úsáidtear sa rang TÁA. Dear aonad iniompartha adhmaid chun iad a stóráil. Ní mór go mbeadh clár líníochta mar chuid den aonad agus gur féidir é a chlaonadh ar uillinneacha difriúla. Déan sceitsí néata saorláimhe agus glac nótaí de do chuid oibre.



3. Sa léaráid ar dheis tá buidéil agus chógais a bhíonn i mórán tithe. Dear aonad adhmaid a bheadh feistithe ar bhalla chun na hearraí sin a stóráil. Déan sceitsí néata saorláimhe agus glac nótaí de do chuid oibre.



4. Sa léaráid ar dheis tá meascán d'earraí spóirt. Dear aonad adhmaid chun iad a stóráil. Ba chóir go mbeadh sé furasta na hearraí spóirt a chur isteach san aonad agus a bhaint amach arís. Déan sceitsí néata saorláimhe agus glac nótaí de do chuid oibre.



5. Sa léaráid ar dheis tá scáileán, consól cluichí agus rialtán. Dear aonad adhmaid chun iad a stóráil agus a úsáid. Déan sceitsí néata saorláimhe agus glac nótaí de do chuid oibre.

